



Office of the Director
of Corporate Enforcement

*Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach*

Fógra Cinnidh D/2006/2

Treoir Athbhreithnithe faoi Dhualgas Iniúcháirí Tuairiscí a chur chuig
an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi Chásanna Amhrais
i leith Cion Indíotáilte

Fógra Cinnidh D/2006/2

Treoir Athbhreithnithe faoi Dhualgas Iniúcháirí Tuairiscí
a chur chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
faoi Chásanna Amhrais i leith Cion Indíotáilte

Ráiteas Cóipchirt

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart i leith an doiciméid seo. Níor chóir go ndéanfaí aon ní dá bhfuil anseo a fhorléiriú mar a bheadh léiriú de chuid an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ann, nó mar a bheadh léiriú déanta ar a shon ann, maidir lena thuiscint nó lena léirmhíniú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí nó maidir le léirmhíniú ar dhlí ar bith.

Níorbh mhór a fhéachaint le comhairle dlí neamhspleách a fháil maidir le héifeacht aon fhorálacha dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht nó le dliteanas dá laghad ag éirí as aon earráidí, míchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Cosnaíonn an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

Clár Ábhar

1.0	Réamhrá	4
2.0	Alt 194 (arna leasú) d'Acht na gCuideachtaí 1990	5
3.0	Caighdeáin Iniúcháireachta	6
4.0	Sannacháin Neamhiniúchta	7
5.0	Eolas Intuairiscithe	9
6.0	Comhairle DLí nó Comhairle Ghairmiúil Eile	12
7.0	Daoine Intuairiscithe	12
8.0	Caighdeán Cinnteachta	14
9.0	Cionta Indíotáilte	14
10.0	Tráthúlacht Foirmithe agus Fógra Tuairime	16
11.0	Sonraí na bhForas	17
12.0	Breis Eolais a Sholáthar don Stiúrthóir ag Iniúcháirí	18
13.0	Cosaint i gcoinne Dliteanais	20
14.0	Tuairisciú maidir le hAmhras faoi Chionta thar Raon Feidhme Alt 194(5) ar mhaithe leis an Leas Poiblí	20
15.0	Freagairt Stiúrthóra do Thuarascálacha Iniúcháirí	22
Aguisín 1		
	Alt 194 d'Acht na gCuideachtaí 1990 arna leasú ag alt 74 d'Acht na bliana 2001, ag Alt 37 d'Acht na bliana 2003 agus ag Alt 73 d'Acht na bliana 2005	23
Aguisín 2		
	Pribhléid Ghairmiúil DLí	25

1.0 Réamhrá

- 1.1 Faoi Achtanna na gCuideachtaí agus faoi reachtaíocht eile is ar a stiúirtheoir atá an bunfhreagracht maidir le comhlíonadh cuideachta le ceangail dlí agus le ceangail rialaitheacha. Cuimsíonn an fhreagracht sin tuairisc a chur chuig scairshealbhóirí na cuideachta, leabhair chuntais chuí a choinneáil, sócmhainní na cuideachta a chosaint agus bearta cuí a dhéanamh chun cosc a chur le calaois agus le mírialtacht eile.
- 1.2 Foráiltear i struchtúr an rialúcháin chorparáidigh atá bunaithe in Achtanna na gCuideachtaí go bhfuil scairshealbhóirí, faoi réir na díolúine a tugadh isteach le Cuid III d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999 (arna leasú), i dteideal tuairisc a fháil ó iniúcháir neamhspleách, ina dtugtar tuairim an iniúcháir sin maidir le léargas fíorcheart a bheith tugtha ag na stiúirtheoirí sna ráitis airgeadais faoi staid na cuideachta agus faoi bhrabúis (nó faoi chaillteanais) na cuideachta don tréimhse faoi athbhreithniú, agus maidir leis na ráitis airgeadais a bheith ullmhaithe mar is cuí de réir fhorálacha cuntasáíochta Achtanna na gCuideachtaí, agus maidir le eile d'fhreagrachtaí na stiúirtheoirí maidir le tuairisciú airgeadais.
- 1.3 Cé gur ar mhaithe le príomhpháirtithe leasmhara cuideachta .i. na scairshealbhóirí, a chomhlíonann iniúcháirí na dualgais sin ní mór dóibh freisin bheith ag féachaint don leas poiblí. Dá dheasca sin cuireann Achtanna na gCuideachtaí agus reachtaíocht eile dualgais áirithe ar iniúcháirí eolas a nochtadh d'údaráis rialaithe ar mhaithe leis an leas poiblí de bhreis ar an gceangal a chuirtear ar iniúcháir tuairisciú do scairshealbhóirí.
- 1.4 I 2001, chinn an tOireachtas go mbeadh sé de dhualgas ar iniúcháirí cásanna ina rabhtas amhrasach go raibh cionta indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí déanta ag cuideachta, nó ag oifigigh nó gníomhairí dá cuid a thuairisciú don Stiúirtheoir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ("an Stiúirtheoir"). Dá dheasca sin thug Alt 74 den Acht um Fhorfheidhmiú

Dlí Cuideachtaí 2001 ("Acht na bliana 2001") an dualgas nua seo isteach trí leasú a dhéanamh ar dhualgais iniúcháirí a bhí ann in Alt 194 d'Acht na gCuideachtaí 1990 ("Acht na bliana 1990"). Tugadh éifeacht d'Alt 74 28 Samhain 2001¹.

- 1.5 I 2003 rinne alt 37 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh Agus Cuntasaíocht) 2003 ("Acht na bliana 2003") roinnt athruithe breise ar alt 194 d'Acht na bliana 1990. Bhí na hathruithe sin ag iarraidh *inter alia* a fhoráil go mbeadh loiceadh maidir le hoibleagáidí áirithe a chomhlíonadh i dtaca le clárúchán tuairisceán bliantúil scaoilte ón oibleagáid tuairisc a chur chuig an Stiúirtheoir agus go mbeadh ar na hiniúcháirí breis chabhrach a thabhairt don Stiúirtheoir agus é i mbun fiosraithe maidir le cásanna tuairiscithe ina raibh amhras faoi chionta indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí.
- 1.6 Rinne Ailt 73(2)(d) agus (3) den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 ("Acht na bliana 2005") leasú breise ar alt 194 a shoiléirigh an fhoráil in Acht na bliana 2003 a bhain le hiniúcháirí a scaoileadh ón gceangal tuairisc faoi mhainneachtainí cláraithe a chur chuig an Stiúirtheoir. Cuireadh tús feidhme leis an bhforáil scaoilte sin le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2005².
- 1.7 Ní féidir an treoir seo a thuiscint mar léiriú cinnte dlí ar na forálacha ábhartha. Is é an Stiúirtheoir agus an fhoireann áfach in éindí leis an Auditing Practices Board ("APB") agus le Coiste Comhchomhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta – Éire a chuir chun cinn í. Trí raon feidhme Ailt 194(5), (5A) agus (5B) d'Acht na bliana 1990 (arna leasú) a phlé agus trí théarmaí caighdeáin iniúcháireachta ábhartha a chur i bhfeidhm maidir leis na forálacha sin tá súil ag an Stiúirtheoir go gcabhróidh an treoir go sonrach le páirtithe leasmhara cuideachtaí agus le hiniúcháirí.

¹ Baineadh amach tús feidhme in Ordú 2001 (I.R. Uimh. 523 ó 2001) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí (Tús Feidhme) (Uimh. 3).

² Baineadh amach tús feidhme in Ordú 2005 (I.R. Uimh. 323 ó 2005) den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 (Tús Feidhme).

2.0 Alt 194 (arna leasú) d'Acht na gCuideachtaí 1990

2.1 Tá leagtha amach in Alt 194 bunaidh d'Acht na bliana 1990 dualgais iniúcháirí sa chás go bhfoirmíonn siad an tuairim nach bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoinneáil ag cuideachta agus ag a cuid stiúrthóirí. Forordaíonn na leasuithe a rinne Achtanna na bliana 2001, 2003 agus 2005 ar Alt 194 ceangail tuairiscithe nua nó leasaithe ar iniúcháirí. Tá cóip d'Alt 194 d'Acht na bliana 1990 arna leasú ag alt 74 d'Acht na gCuideachtaí 2001, Alt 37 d'Acht na bliana 2003 agus Alt 73 d'Acht na bliana 2005 ceangailte leis an treoir seo in **Aguisín 1**.

2.2 Is é príomhchuspóir na treorach seo raon feidhme na ndualgas a bheidh ar iniúcháirí i gcásanna a thagann chun cinn sa chomhthéacs seo a léiriú agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna áirithe laistigh de gach cuid d'ailt 194(5), (5A) agus (5B) d'Acht na bliana 1990 arna leasú. Sa cheangal faoi alt 194(5) foráiltear mar seo a leanas:

*"Where, in the course of, and by virtue of, their carrying out an audit of the accounts of the company, information comes into the possession of the auditors of a company that leads them to form the opinion that there are reasonable grounds for believing that the company or an officer or an agent of it has committed an indictable offence under the Companies Acts (other than an indictable offence under section 125(2) or 127(12) of the Principal Act), the auditors shall, forthwith after having formed it, notify that opinion to the Director and provide the Director with details of the grounds on which they have formed that opinion."*³

3 Arna leasú ag Alt 73(2)(d) den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005.

2.3 Thug Alt 37(e) d'Acht na bliana 2003 ailt 194(5A) agus (5B) isteach mar seo a leanas:

"(5A) Where the auditors of a company notify the Director of any matter pursuant to subsection (5), they shall, in addition to performing their obligations under that subsection, if requested by the Director—

- (a) furnish the Director with such further information in their possession or control relating to the matter as the Director may require, including further information relating to the details of the grounds on which they formed the opinion referred to in that subsection,*
- (b) give the Director such access to books and documents in their possession or control relating to the matter as the Director may require, and*
- (c) give the Director such access to facilities for the taking of copies of or extracts from those books and documents as the Director may require.*

(5B) Nothing in this section compels the disclosure by any person of any information that the person would be entitled to refuse to produce on the grounds of legal professional privilege or authorises the inspection or copying of any document containing such information that is in the person's possession."

2.4 Tá an ceangal tuairiscithe infheidhme i leith gach duine atá ag cleachtadh mar Dhuine Freagrach/Iniúcháir Cláraithe⁴ i gcuideachtaí a mbaineann an fhoráil leo. Cuimsíonn sin iniúcháirí a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Stát ach a bhfuil cead acu faoi dhlí Cuideachta cuntais chuideachtaí dá leithéid a iniúchadh.

4 Cláraíonn Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCI), Sasana agus an Bhreatain Bheag (ICAEW) agus Albain (ICAS) gnólachtaí le haghaidh iniúcháireachta. Cláraíonn Institiúid na gCuntasóirí Deimhniú Poiblí in Éirinn (CDPE) gnólachtaí freisin. Tugtar Daoine Freagracha ar dhaoine sna gnólachtaí sin atá i dteideal tuarascálacha iniúchta a shíniú. Is é an Association of Chartered Certified Accountants (ACCA) a chláraíonn idir ghnólachtaí agus dhaoine aonair le haghaidh iniúcháireachta agus is í The Institute of Incorporated Public Accountants Ltd. (IIPA) a chláraíonn daoine aonair le haghaidh iniúcháireachta. Tugtar Iniúcháirí Cláraithe ar dhaoine aonair atá cláraithe ag na comhlachtaí sin.

- 2.5 Chun teacht le caighdeáin iniúchta⁵ tá sé de cheangal ar iniúcháirí rialú agus maoirseacht dhóthanach a dhéanamh ar a bhfoireann le linn dóibh bheith ag stiúradh obair iniúcháireachta. Dá bharr sin mar atá curtha in iúl in ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) “The Auditor’s Right and Duty to Report to Regulators in the Financial Sector” (mír 35), ní mór do iniúcháirí a chinntiú go bhfuil an fhoireann airdeallach faoi go mb’fhéidir go mbeidh tuarascáil ag teastáil nuair atáthar ag pleanáil agus ag stiúradh iniúchadh cuideachta. Ní mór d’iniúcháirí tagairt a dhéanamh do ISA 220 “Quality Control for Audits of Historical Financial Information” le haghaidh tuilleadh treorach maidir leis sin. Deir an ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) freisin nach mór do ghnólachtaí iniúcháireachta nósanna imeachta dóthanacha a chur ar bun lena cinntiú go dtabharfar ar aird don pháirtí comhoibrithe ar bhonn tráthúil (ISA (UK and Ireland) 250(B) mír 36) aon eolas a fhaightear amach le linn nó de bharr obair iniúcháireachta ar féidir go n-eascródh tuairisciú as.

3.0 Caighdeáin Iniúcháireachta

- 3.1 Baineann roinnt caighdeán leis an ábhar seo. Cuimsíonn siad go príomha ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) “Consideration of Law and Regulations in an Audit of Financial Statements” agus ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) “The Auditor’s Right and Duty to Report to Regulators in the Financial Sector”. Cuireann Mír 38-3 de ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) in iúl gur féidir leis na nósanna imeachta agus an treoir atá leagtha amach in ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) bheith curtha in oiriúint do chúinsí eile ina dtagann an t-iniúcháir ar eolas faoi ásc ina bhfuil amhras faoi neamhchomhlíonadh i leith dlíthe nó rialúchán a bhfuil oibleagáid reachtúil ar an iniúcháir iad a thuairisciú. Sa chás infheidhme déantar tagairt do na Caighdeáin sin i dtéacs na treorach seo.

⁵ Tá teacht ar Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Ríocht Aontaithe agus Éire) ag suíomh idirlín APB ag www.frc.org.uk/apb.

4.0 Sannacháin Neamhiniúchta

“Where in the course of, and by virtue of, their carrying out an audit of the accounts of a company...”

- 4.1 Cuireann an fo-alt in iúl go n-eascaíonn an oibleagáid ar iniúcháirí tuairisc a chur chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le hamhras faoi chion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí nuair atá iniúcháirí ag tabhairt faoi iniúchadh ar ráitis airgeadais chuideachta. Dá bhrí sin ní bhaineann an oibleagáid tuairiscithe go ginearálta le daoine a chuireann seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad ar fáil do chuideachta. Ar an dóigh chéanna ní fhorchuireann an fo-alt oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine atá ag tabhairt faoi sheirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad an t-eolas a nglacann siad seilbh air a chur in iúl d’iniúcháirí laistigh dá ghnólacht.
- 4.2 Nuair a dhéanann nó nuair a rinne duine obair nach obair iniúchta í ar son cuideachta a ngníomhaíonn sé/sí ar a son freisin, nó nuair a cheaptar é/í ina dhiaidh sin mar iniúcháir inti, beidh freagrachtaí áirithe ar an iniúcháir sin agus é/í ag gníomhú mar iniúcháir maidir le haon eolas a thugann le tuiscint go bhfuil cion indíotáilte déanta agus a tháinig chun suntais le linn na hoibre nach obair iniúchta í.
- 4.3 Baineann an dualgas reachtúil tuairisc a chur chuig rialaitheoir le heolas a thagann chun suntais iniúcháirí ina gcáilíocht mar iniúcháirí. Agus cinneadh á dhéanamh faoi an sa cháil sin a fuarthas eolas tugann ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) chun aitheantais dhá chritéar ar gá cuimhneamh orthu go sonrach mar atá:
- (i) an é an duine a fuair an t-eolas a thug faoin obair iniúcháireachta agus, más ea,
 - (ii) an bhfuarthas é le linn nó de bharr tabhairt faoin obair iniúcháireachta (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) Aguisín 2 - mír 6).

- 4.4 Nuair a dhéanann páirtithe nó comhaltaí foirne atá bainteach le hiniúchadh obair seachas an t-iniúchadh (.i. obair nach obair iniúchta í) is mar dhaoine aonair a bheidh an t-eolas acu maidir leis an eintiteas. I gcúinsí a thugann le tuiscint go n-eascaíodh ar chúinse eile dualgas reachtúil an cas a thuairisciú dá mba i gcáil iniúcháir a bhí an t-eolas faighte, ba chríonna an mhaise dóibh fiosrúcháin a dhéanamh le linn a gcuid oibre iniúcháireachta lena chinntiú arbh amhlaidh a bheadh sé ó eolas atá faighte acu sa cháil sin (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) Aguisín 2 - mír 8).
- 4.5 Nuair a dhéanann páirtithe nó comhaltaí foirne eile obair nach obair iniúchta í ní shásaítear ceachtar den dá chritéar (ag (i) agus (ii) thuas) maidir leis an eolas a fhaigheann siad. Mar sin féin sna cúinsí sin deir ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) gur chóir don ghnólacht atá i gceist eolas dá leithéid a chur san áireamh mar is cuí sa chás go dtiocfadh leis dul i gcion ar an iniúchadh sa chaoi go gcaitear leis ar bhealach freagrach, go háirithe ó tharla gur féidir sa dlí páirtíochta an t-eolas a fhaigheann páirtí amháin i gcúrsa gnó páirtíochta a leagan ar an bpáirtíocht ina iomláine (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) Aguisín 2 - mír 9).
- 4.6 Ní mór nósanna imeachta cuí a bheith ag gnólacht a cheaptar mar iniúcháir ar eintiteas lena chinntiú go mbeidh an páirtí atá freagrach as an bhfeidhm iniúchta feasach faoi aon chaidreamh atá ann idir aon rannóg den ghnólacht agus an eintiteas rialaithe nuair is féidir leis an gcaidreamh sin dul i gcion ar obair an ghnólachta mar iniúcháir (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) Aguisín 2 - mír 10).
- 4.7 Deir an ISA ina dhiaidh sin nach bhfuil, *prima facie*, eolas a fhaightear le linn oibre nach obair iniúchta í clúdaithe ag an dualgas tuairiscithe. Ar a shon sin ní mór don ghnólacht a cheaptar mar iniúcháir a chuimhneamh an bhfuil torthaí oibre eile a dhéantar ar son an eintitis atá i gceist le bheith measúnaisthe mar chuid den phróiseas iniúchta. I bprionsabal níl

aon difríocht idir an cás seo agus bheith ag iarraidh tuarascáil a d'ullmhaigh comhairleoirí seachtracha ar chóras cuntasáochta an eintitis a athbhreithniú lena chinntiú go ndéanann an t-iniúcháir measúnú measúnú cuí ar bhaol ráitis mhíchruinn i ráitis airgeadais agus measúnú cuí freisin ar an obair a theastaíonn chun tuairim a fhoirmiú. Dá bhrí sin ní mór don pháirtí atá freagrach as an iniúchadh fiosrúcháin chuí a dhéanamh le linn phróiseas pleanála (féach thíos) agus chur i gcrích an iniúchta. Bheadh fiosruithe dá leithéid dírithe ar na gnéithe sin den obair nach obair iniúchta í a mbeifí ag súil leis go réasúnta go mbeadh siad bainteach leis an iniúchadh (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) Aguisín 2 - mír 11).

4.8 I gcomhthéacs a bhfuil ráite go dtí seo tá ábharthacht faoi leith ag forálacha ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 300 “Planning an Audit of Financial Statements, ISA (UK and Ireland) 210 “Terms of Audit Engagements”, agus ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 315 “Understanding the Entity and its Environment and Assessing the Risks of Material Misstatement”. Tá sé de cheangal ar iniúcháirí de réir na gcaighdeán sin:

- an t-iniúchadh a phleanáil (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 300),
- teacht ar chomhaontú leis an gcliaint maidir le téarmaí an chomhoibrithe (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 210), agus
- tuiscint ar an eintiteas agus ar a thimpeallacht a fháil (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 315).

4.9 Le linn dó/di bheith ag pleanáil an iniúchta, ag teacht ar chomhaontú maidir le téarmaí an chomhoibrithe agus ag fáil eolais faoin ngnó tá súil leis go gcuimhneoidh an t-iniúcháir ar gach ábhar a bhaineann leis an iniúchadh lena n-áirítear:

- rialúcháin inmheánacha a bhaineann leis an iniúchadh (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 315 mír 41),

- tosca seachtracha ábhartha idir thionsclaíoch, rialaitheach agus eile (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 315 mír 22),
- raon feidhme an iniúchta lena n-áirítear tagairt do reachtaíocht infheidhme (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 210 mír 6), agus
- nuair is ábhartha eolas faoin eintiteas agus faoina thimpeallacht atá faighte i dtreimhsí a chuaigh roimhe (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 315 mír 12).

4.10 Tá ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 300 frámaithe i gcomhthéacs iniúchtaí athfhillteacha. Tarraingíonn sé aird iniúcháirí áfach (i mír 29) ar an bhfíoras “for an initial audit, the auditor may need to expand the planning activities because the auditor does not ordinarily have the previous experience with the entity that is considered when planning recurring engagements”.

4.11 Má chomhlíonann iniúcháirí forálacha na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250, 300 agus 315 faoi seach féadfaidh sé go n-éireoidh leo rudaí a thabhairt chun aitheantais ag éirí as obair nach obair iniúchta í a bhféadfaidh ceangal a chur orthu tuarascáil a chur chuig an Stiúrthóir fúthu de bhun a gcuid oibleagáidí faoi alt 194(5) d’Acht na bliana 1990.

4.12 Maidir leis an bpointe ama a n-eascróidh oibleagáidí tuairiscithe iniúcháir i dtaca le cúrsaí ar tugadh chun aitheantais don chéad uair iad le linn seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad a bheith á cur ar fáil:

- i gcás duine a chuireann seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad ar fáil do chuideachta agus go dtagann an duine sin ar eolas faoi chion indíotáilte agus é/í ag gníomhú freisin mar iniúcháir na cuideachta sin eascróidh oibleagáid an cás a bhfuil amhras faoi chion indíotáilte ina thaobh a thuairisciú nuair a thagann an t-iniúcháir i seilbh an eolais atá i gceist mar chuid d’obair an iniúchta, agus

- i gcás duine a chuireann seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad ar fáil do chuideachta go dtagann an duine sin ar eolas faoi chion indíotáilte agus go gceaptar é/í mar iniúcháir na cuideachta sin eascróidh oibleagáid an cás a bhfuil amhras faoi chion indíotáilte ina thaobh a thuairisciú nuair a thagann an t-iniúcháir i seilbh an eolais atá i gceist mar chuid d’obair an iniúchta.

5.0 Eolas Intuairiscithe

“...information comes into the possession of the auditors of a company...”

- 5.1 Cuireann an fhoráil in iúl go n-eascaíonn an oibleagáid ar iniúcháirí tuairisc a chur chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach nuair a thagann siad i seilbh eolais mar chuid d’obair iniúchta. Gan dochar don treoír thuas maidir leis an ngá atá le planáil chuí iniúchta agus maidir leis na riachtanais a bhaineann leis sin ní bhreathnaíonn an Stiúrthóir ar an oibleagáid mar cheangal ar iniúcháirí dul sa tóir ar chásanna inar féidir go bhfuil cion indíotáilte déanta mar chuid den phróiseas iniúchta. Ar a shon sin, déanann iniúcháirí machnamh faoi eolas a thagann ina seilbh a thugann le tuiscint gur féidir go bhfuil cion indíotáilte déanta agus téann siad i mbun fiosrúcháin chun tuairim meáite faoin gceist a fhoirmiú.
- 5.2 Leagann ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) caighdeán agus treoír amach d’iniúcháirí chun dlí agus rialúcháin a bhreithniú. Cuireann sé ceangal ar an iniúcháir: *“the auditor should plan and perform the audit with an attitude of professional scepticism, recognising that the audit may reveal conditions or events that could lead to questioning whether an entity is complying with law and regulations.”* (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 13).
- 5.3 Cuireann ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) ceangal ar an iniúcháir: *“in order to plan the audit, the auditor should obtain a general understanding of the legal and regulatory framework applicable to the entity and the industry and how the entity is complying with that framework.”* (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 15).
- 5.4 Cuireann an ISA in iúl freisin go n-aithneodh iniúcháirí go sonrach agus iad ag fáil tuiscint ghinearálta ar an gcreat dlíthiúil agus rialaitheach atá infheidhme i leith eintitis agus ar na nósanna imeachta ar gá cloí leo chun comhlíonadh laistigh den chreat sin a chinntiú, go n-eascaíodh guaiseacha gnó a mbeidh éifeacht bhunúsach acu ar oibriúchán an eintitis as

neamhchomhlíonadh i leith roinnt dlíthe agus rialúchán. Is é sin le rá go gciallódh neamhchomhlíonadh i leith dlíthe agus rialúchán áirithe go mbeadh gá ann le stop a chur le hoibriúchán an eintitis, nó go mbeadh amhras ann faoi chumas an eintitis leanúint ar aghaidh mar ghnó leantach. Mar shampla d'fhéadfadh tionchar dá leithéid bheith ag neamhchomhlíonadh i leith cheadúnas an eintitis nó i leith teidlíochta eile atá aige chun bheith i mbun oibriúcháin (mar shampla i gcás bainc, neamhchomhlíonadh i leith ceanglais infheistíochta nó caipitil) (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 16).

5.5 Deir an ISA ina dhiaidh sin “*To obtain the general understanding of laws and regulations, the auditor would ordinarily:*

- *Use the existing understanding of the entity's industry, regulatory and other external factors;*
- *Inquire of management concerning the entity's policies and procedures regarding compliance with laws and regulations;*
- *Inquire of management as to the laws or regulations that may be expected to have a fundamental effect on the operations of the entity;*
- *Discuss with management the policies or procedures adopted for identifying, evaluating and accounting for litigation claims and assessments; and*
- *Discuss the legal and regulatory framework with auditors of subsidiaries in other countries (for example, if the subsidiary is required to adhere to the securities regulations of the parent company)."* (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 17).

5.6 Ba chóir ansin don iniúcháir dul i mbun breis ghnáthaimh iniúcháireachta chun áisc neamhchomhlíonta i leith na ndlíthe agus na rialúchán sin, sa chás gur chóir neamhchomhlíonadh a chur san áireamh le linn ullmhúchán ráiteas airgeadais, a thabhairt chun aitheantais, go sonrach:

- Ceist a chur ar an mbainistíocht an bhfuil an eintiteas ag comhlíonadh dlíthe agus rialúchán dá leithéid; agus

- Comhfhreagras leis na húdaráis cheadúnaithe agus rialaitheacha a imscrúdú.
- Ceist a chur orthu siúd a bhfuil an rialachas de dhualgas orthu an bhfuil sé curtha ar a súile go bhfuil aon ásc dá leithéid inar féidir go bhfuil neamhchomhlíonadh i leith dlí nó rialúcháin i gceist. (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 18).

5.7 Ba chóir go mbeadh gnáthaimh an iniúcháir deartha sa chaoi is go dtabharfaí chun aitheantais áisc neamhchomhlíonta, bíodh siad ionchasach nó iarbhír, i leith na ndlíthe agus na rialúchán sin a chuireann creat dlíthiúil ar fáil ar féidir leis an eintiteas a ghnó a stiúradh laistigh de agus atá lárnach maidir le hinniúlacht an eintitis a ghnó a stiúradh agus dá réir maidir lena ráitis airgeadais. (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 18-1).

5.8 Nuair a thagtar ar ásc inar féidir neamhchomhlíonadh bheith i gceist, seo é an treoir a chuireann ISA ar fáil d'iniúcháirí: “*when the auditor becomes aware of information concerning a possible instance of non-compliance, the auditor should obtain an understanding of the nature of the act and the circumstances in which it has occurred and sufficient other information to evaluate the possible effect on the financial statements*” (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 26).

5.9 Ina dhiaidh sin deir an ISA nuair a dhéantar measúnú ar an éifeacht is féidir bheith ar ráitis airgeadais go gcuireann an iniúcháir san áireamh, *inter alia*, “*the potential financial consequences, such as fines, penalties, damages, threat of expropriation of assets, enforced discontinuation of operations and litigation*” (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 27).

5.10 Is léir mar sin nuair a thugann iniúcháirí faoi deara cás ina bhfuil amhras faoi chion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí go bhfuil ceangal orthu de réir caighdeán gairmiúil cibé fiosrúchán breise is gá a dhéanamh ar an gcás chun tuiscint a fháil

ar chineál an ghnímh agus chun a chur ar a gcumas measúnú cuí a dhéanamh ar na héifeachtaí is féidir a bheith aige ar ráitis airgeadais lena n-áirítear na hiarmhairtí poitéinsiúla a leanfadh as aon fhíneáil nó as aon phionós eile (gearrtha ar an gcuideachta, ar a stiúrthóirí nó ar a hoifigigh) a d'fhéadfadh bheith mar thoradh ar neamhchomhlíonadh.

- 5.11 Go ginearálta is é €12,700 agus/nó téarma príosúnachta ar feadh 5 bliana nó iad araon an pionós uasta is féidir a ghearradh tar éis ciontaithe i gcion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí (féach cuid 9.0 – Cionta Indíotáilte). Ar a shon sin foráiltear freisin in Achtanna na gCuideachtaí do phionóis i bhfad níos airde i dtaca le cionta áirithe, m.sh. trádáil chalaioiseach (€63,000 agus/nó téarma príosúnachta ar feadh 7 mbliana) agus déileáil chos istigh/mí-úsáid mhargaidh (€10,000,000 agus/nó téarma príosúnachta ar feadh 10 mbliana). De bhreis air sin daoine a chiontaítear ar dhíotáil i gcion indíotáilte a bhaineann le calaois nó le mí-ionracas cuirtear ordú dícháilithe orthu go huathoibríoch maidir le gníomhú mar stiúrthóirí/oifigigh chuideachta. Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach dul go dtí na Cúirteanna freisin ag iarraidh ordú dícháilithe maidir le duine ar bith:
- atá ciontach in dhá cheann nó níos mó de chionta a bhaineann le loiceadh leabhair agus taifid chuí a choinneáil, nó
 - atá ciontach i dtrí chinn nó níos mó de mhainneachtainí faoi Achtanna na gCuideachtaí.

- 5.12 Féadfaidh iarmhairtí an-tromchúiseacha a bheith ann don chuideachta agus dá hoibríúcháin leanúnacha agus dá réir ar a ráitis airgeadais sa chás go gciontófaí an chuideachta nó aon cheann dá hoifigigh i gcion faoi Achtanna na gCuideachtaí agus d'fhéadfadh go mbeadh éilimh iarmhartacha ag eascairt as sin.

- 5.13 I gcomhthéacs a gcuid bhfiosrúcháin tá iniúcháirí, *inter alia*, i dteideal a iarraidh ar oifigigh na cuideachta faoi alt 193(3) d'Acht na gCuideachtaí 1990 cibé eolas

a mheasann siad is gá chun a ndualgais a dhéanamh. Mura bhfuil iniúcháir in ann mar chuid den iniúchadh eolas a fháil maidir le sárú poitéinsiúil de bharr neamhchomhoibriú ceann d'oifigigh nó de ghníomhairí na cuideachta is cás amhrais faoi chion indíotáilte ann féin é sin faoi alt 197⁶ d'Acht na bliana 1990. Luíonn sé le nádúr an cháis go gcaithfidh an t-iniúcháir aon easpa chomhoibrithe den chineál sin a chur san áireamh nuair:

- a fhoirmíonn sé/sí a t(h)uairim iniúchta,
- a dhréachtaíonn sé/sí tuarascáil iniúchta faoi alt 193(4) d'Acht na gCuideachtaí 1990,
- a chinneann sé/sí an leanfaidh sé/sí in oifig nó an ndiúltoídh sé/sí do athcheapachán.

- 5.14 Sa chás go n-éireodh iniúcháir as nó go ndiúltoídh sé/sí do athcheapachán sna cúinsí sin bheadh sé d'oibleagáid air/uirthi faoi alt 185 d'Acht na bliana 1990:
- fógra éirí as oifig a sheirbheáil ar an gcuideachta (fo-alt (1)),
 - ráiteas faoi na cúinsí ar chóir a thabhairt ar aird chomhaltaí nó chreidiúnaithe na cuideachta a chur ar fáil san fhógra (fo-alt (2)) thuas, agus
 - cóip den fhógra a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí laistigh de 14 lá (fo-alt (3)).

⁶ Deir alt 197(3) Acht na gCuideachtaí 1990: "An officer of a company who fails to provide to the auditors of the company or of the holding company of the company, within two days of the making of the relevant request, any information or explanations that the auditors require as auditors of the company or of the holding company of the company and that is within the knowledge of or can be procured by the officer shall be guilty of an offence".

6.0 Comhairle Dlí nó Comhairle Ghairmiúil Eile

“...that leads them to form the opinion that there are reasonable grounds for believing...”

- 6.1 Cuireann Alt 194(5) de cheangal ar iniúcháirí a mbreithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus iad ag cinntiú an ea go mbeadh sé de thoradh ar an eolas agus ar an bhfianaise atá ina seilbh acu go bhfoirmeofaí tuairim gur gá an cás a thuairisciú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach de bhua go gcuireann an t-eolas agus an fhianaise sin foras réasúnta ar fáil chun a chreidiúint go bhfuil cion indíotáilte déanta. Is féidir breithiúnas tiomsaitheach a dhéanamh i gcás gnólacht iniúcháireachta. Cé nach bhfuil aon oibleagáid ar iniúcháirí dul sa tóir ar chomhairle dlí nó ghairmiúil sula fhoirmíonn siad an tuairim, aithníonn an Stiúrthóir go mb'fhéidir go mba mhian le hiniúcháirí comhairle neamhspleách dá leithéid a iarraidh mar chuid den phróiseas foirmiú tuairime.
- 6.2 Nuair a fhaigheann an chuideachta comhairle dlí nó ghairmiúil i dtaca le hábha(i)r atá ag déanamh imní don iniúcháir tá sé de cheangal ar an dóigh chéanna ar an iniúcháir breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú lena chinntiú an gá an t-eolas a chur chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Cé go mbeadh iniúcháirí i go leor cásanna ag súil leis go sásódh comhairle dlí ó fhoinse a raibh dea-cháil ag baint léi iad, ní bheadh iniúcháirí i dteideal bheith ag brath ar chomhairle dá leithéid más rud é, tar éis dóibh an chomhairle a chur san áireamh, go bhfoirmeodh siad tuairim go raibh an chomhairle earráideach, neamhiomlán nó ar bhealach eile neamhdhóthanach i gcomparáid le heolas a bhí ina seilbh acu.

7.0 Daoine Intuairiscithe

“...that the company or an officer or an agent of it...”

- 7.1 San fho-alt, is éard atá i gceist leis “the company” an chuideachta a bhfuil an t-iniúcháir ag déanamh iniúchta uirthi (“Cuideachta A”). Faoi réir a bhfuil ag leanúint thíos faoi ní théann an oibleagáid tuairiscithe thar chuideachta amach go dtí cuideachta eile (“Cuideachta B”), a bhféadfaidh iniúcháir Chuideachta A a chreidiúint go bhfuil cion intuairiscithe déanta aici.
- 7.2 De bhreis air sin, caithfidh an téarma “cuideachta” an míniú ginearálta ar chuideachta in Achtanna na gCuideachtaí 1963 a chomhlíonadh .i. “cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoin Acht seo, nó cuideachta láithreach”.
- 7.3 Tá míniú faoi leith tugtha ar “cuideachta láithreach” a chiallaíonn “cuideachta a foirmíodh agus a cláráodh i gclár a choimeádtar sa Stát faoi Achtanna na gCuideachtaí Comhstoic, faoin Companies Act, 1862 nó faoin Companies (Consolidation) Act, 1908”.
- 7.4 An oibleagáid tuairiscithe a fhorchuireann an fo-alt ar iniúcháirí ní bheidh réim aici maidir le cuideachtaí foirmithe lasmuigh den Stát fiú má tá siad cláraithe mar chuideachtaí a bhfuil áit ghnó bunaithe acu sa Stát faoi Achtanna na gCuideachtaí nó má oibríonn siad trí bhrainte (faoi Rialúcháin na gComhphobal Eorpach (Nochtú Brainse) 1993).
- 7.5 Tá an téarma “oifigeach” mínithe in alt 2(1) d’Acht na gCuideachtaí 1963. Deir sé go bhfoláíonn “oifigeach”, maidir le comhlacht corpraithe, stúirthóir nó rúnaí. Folaíonn an téarma oifigeach iniúcháir na cuideachta freisin i gcúinsí áirithe atá sonraithe.

- 7.6 I dtaca le cionta áirithe faoi Achtanna na gCuideachtaí cuirtear síneadh le réim an téarma oifigeach chun cúlstiúrthóirí a chur san áireamh. Tá míniú sonrach tugtha ar an téarma “cúlstiúrthóir” in alt 27 d’Acht na bliana 1990 mar “duine ar gnách le stiúrthóirí cuideachta gníomhú de réir a ordachán nó a threoracha”. Dá dheasca sin nuair is cás a bhaineann le fo-stiúrthóirí an cás ina bhfuil amhras faoi chion folaíonn an téarma oifigeach cúlstiúrthóirí.
- 7.7 Nuair is iniúchadh é an t-iniúchadh ar ráitis airgeadais chomhdhlúite ghrúpa cuideachtaí baineann an oibleagáid tuairiscithe le gach grúpcuideachta faoi leith.
- 7.8 Tá réim ag an oibleagáid tuairiscithe i gceachtar de na cúinsí seo a leanas:
- nuair a bhaineann an cion intúairiscithe a rinne oifigeach de Cuideachta A leis an gcuideachta sin, nó,
 - nuair a bhaineann an cion intúairiscithe a rinne oifigeach de Chuideachta A le hábhar lasmuigh den chuideachta sin. I mbriathra eile tá amhras faoi chion indíotáilte a bheith déanta ag oifigeach i gCuideachta A a bhaineann lena p(h)áirt i gCuideachta B incháilithe le bheith tuairiscithe ag iniúcháir Cuideachta A.
- 7.9 San fho-alt caithfidh an téarma “*gníomhaire*” an míniú ginearálta ar gníomhaire in alt 2(1) d’Acht na gCuideachtaí 1963 a chomhlíonadh ina ndeirtear, “ní fholáíonn ‘gníomhaire’ abhcóide duine ag gníomhú dó i gcáil abhcóide”. Is í an tuiscint ginearálta a ghabhann leis an téarma “gníomhaire” gur tagairt í d’aon duine a bhfuil sé d’údarás aige/aici an chuideachta a cheangal. Dá bhrí sin is féidir le haturnae cuideachta ag gníomhú i gcáil a cheanglaíonn an chuideachta bheith ina ghníomhaire ar an gcuideachta i gcúinsí áirithe.
- 7.10 Arís tá réim ag an oibleagáid tuairiscithe i gceachtar de na cúinsí seo a leanas:
- nuair a bhaineann an cion intúairiscithe a rinne gníomhaire de Chuideachta A leis an gcuideachta sin, nó,
 - nuair a bhaineann an cion intúairiscithe a rinne gníomhaire de Chuideachta A le hábhar lasmuigh den chuideachta sin. I mbriathra eile tá amhras faoi chion indíotáilte a bheith déanta ag gníomhaire i gCuideachta A a bhaineann lena p(h)áirt i gCuideachta B incháilithe le bheith tuairiscithe ag iniúcháir Chuideachta A.
- 7.11 Cé go bhfuil leagtha amach sna míreanna a chuaigh roimhe an treoir ghinearálta d’iniúcháirí faoin ábhar seo, aithnítear go mbeidh cúinsí go leor ann nuair nach mbeidh iniúcháirí i gcruth dóthain eolais a fháil chun tuairim a fhoirmiú an bhfuil cion indíotáilte déanta ag oifigeach nó ag gníomhaire de Chuideachta A i dtaca le Cuideachta B.

8.0 Caighdeán Cinnteachta

“...has committed...”

- 8.1 Ar ndóigh baineann caighdeán níos airde cinnteachta le rud a bheith “*déanta*” ná mar a bhaineann le rud gur “*seans go ndearnadh é*” nó fiú le rud “*a d’fhéadfadh a bheith déanta*”. Nuair a bhraitheann iniúcháirí cás ina bhfuil amhras faoi shárú intuairiscithe d’Achtanna na gCuideachtaí ba chóir dóibh dóthain eolais a fháil chun tuairim a fhoirmiú an bhfuil forais réasúnta ann leis an gconclúid a tharraingt go bhfuil cion indíotáilte déanta.
- 8.2 Tugann ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) an treoir seo a leanas d’iniúcháirí maidir leis sin: *“In assessing the effect of an apparent breach, the auditor takes into account the quantity and type of evidence concerning such a matter which may reasonably be expected to be available. If the auditor concludes that the auditor has been prevented from obtaining all such evidence concerning a matter which may give rise to a duty to report, the auditor would normally make a report direct to the regulator without delay.”* (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 41).
- 8.3 Tá sé de cheangal ar iniúcháirí faoi ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) a mbreithiúnas gairmiúil a fheidhmiú. Agus iad ag foirmiú an bhreithiúnais sin tugann iniúcháirí faoi fhiosrúcháin chuí chun na cúinsí a chinntiú ach ní theastaíonn an oiread fianaise uathu mar ba ghnách dá mba thuairim faoi ráitis airgeadais a bheidís ag foirmiú. Ina dhiaidh sin deir ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) go gcuimseodh de ghnáth na fiosrúcháin chuí a dhéanfaidh iniúcháirí sna cúinsí sin:
- an fhoireann a cheistiú ar an leibhéal cuí,
 - athbhreithniú a dhéanamh ar chumarsáid nó ar dhoiciméid a bhaineann leis an mbeart nó leis an imeacht atá i gceist, agus
 - plé a dhéanamh leo sin a bhfuil an rialúchán de dhualgas orthu nó le bainistíocht sinsearach eile de réir mar is cuí (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) mír 44).

9.0 Cionta Indíotáilte

“...an indictable offence under the Companies Acts (other than an indictable offence under section 125(2) or 127(12) of the Principal Act)...”

- 9.1 Faoi Achtanna na gCuideachtaí foráiltear do dhá chineál ciona choiriúil .i. cionta achoimre agus cionta indíotáilte. De ghnáth ní cion róthromchúiseach cion achomair agus is os comhair breithimh sa Chúirt Dúiche an t-aon bhealach a thriailtear é. Go ginearálta is cion níos tromchúisí cion indíotáilte. Is féidir cionta indíotáilte a thriail sa Chúirt Dúiche os comhair breithimh amháin ar an dóigh chéanna le cionta achoimre. Is é an difríocht atá idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir de bharr a thromchúisí is atá siad cionta indíotáilte a thriail freisin sa Chúirt Chuarda .i. os comhair breithimh agus giúiré. Nuair a roghnaítear an bealach sin deirtear go bhfuil ionchúiseamh déanta ar díotáil i leith an chiona indíotáilte. Nuair a dhéantar ionchúiseamh ar díotáil i leith ciona tá na pionóis a bhforáiltear dóibh sa dlí i gcás ciontaíthe i bhfad níos airde ná mar bheadh siad dá mbeadh an t-ionchúiseamh i leith an chiona déanta go hachomair.
- 9.2 Is é Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí (SIP) an t-aon údarás ionchúisithe maidir le cionta indíotáilte. Is ceist í don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chinntiú in aon chás faoi leith ar chóir ionchúiseamh i leith cáis a thuairiscigh iniúcháirí dó ina raibh amhras faoi chion indíotáilte a dhéanamh go hachomhair nó ar chóir é a chur faoi bhráid an SIP. Nuair a chuireann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cás faoi bhráid an SIP déanfaidh an SIP cinneadh ina dhiaidh sin ar chóir ionchúiseamh a dhéanamh ina leith ar díotáil. Féadfaidh an SIP an cheist a chur faoi bhráid an Gharda Síochána le haghaidh breis fhiosrúcháin sula ndéanfaidh sé an cinneadh deireanach.

9.3 Maidir leis an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001, tá sé cinntithe ag an Oireachtas go mbaineann an oibleagáid atá ar iniúcháirí maidir le tuarascálacha le cionta indíotáilte⁷ amháin agus nach mbaineann sí le gach cion faoi Achtanna na gCuideachtaí. Níl d'eisceachtaí maidir leis sin ach ailt 125(2) agus 127(12) d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú) a bhaineann le clárú tuairisceán bliantúil.

9.4 Agus machnamh á dhéanamh acu an dtuairisceoidh nó nach dtuairisceoidh siad cás a bhfuil amhras faoi chion tá sé de cheangal ar iniúcháirí a chinntiú an bhfuil an cion atá i gceist ina chion indíotáilte. Níl sé de dhualgas ar iniúcháirí faoi alt 194(5) aon mheasúnú eile a dhéanamh maidir le tromchúis chion a iarbhír nó phoitéinsiúil nó a mhalairt. Mar shampla maidir le foirmiú tuairim iniúcháir faoi alt 194(5) ní bhaineann sé le hábhar:

- an raibh tionchar nó nach raibh tionchar ag an gcás a bhfuil amhras faoi chion ann ar ráitis airgeadais na cuideachta nó i dtuairim an iniúcháir an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorheart ar staid chúrsaí na cuideachta. Go deimhin is féidir go mbeidh iniúcháir in ann tuarascáil iniúchta neamhcháilithe a thabhairt ar aird agus fós féin é bheith de cheangal air cás a bhfuil amhras faoi chion indíotáilte ann a chur faoi bhráid an Stiúrthóra;
- cén polasaí atá ag an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach nó ag Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí maidir le hionchúiseamh a dhéanamh i leith cionta indíotáilte de chineál áirithe. Ráite i mbriathra eile fiú más polasaí dóibh ionchúiseamh a dhéanamh i leith cionta áirithe go hachomair, ní rud é sin ar chóir dul i gcion ar fhoirmiú tuairim an iniúcháir maidir le tuairisciú aon cháis ina bhfuil amhras faoi chion indíotáilte;

- an oiread is a d'fhéadfadh an cás ina bhfuil amhras faoi chion indíotáilte cailteanas airgeadais nó eile a tharraingt ar aon duine. Cé go bhféadfaidh an t-údarás ionchúisimh é sin a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoi an ndéanfar nó nach ndéanfar ionchúiseamh i leith an cháis, níl ról ar bith ag an iniúcháir maidir leis an mbreithiúnas sin a dhéanamh ar son an ionchúisitheora;
- an bhfuil nó nach bhfuil an t-amhras faoi chion indíotáilte curtha faoi bhráid an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cheana féin ag an gcuideachta, ag duine d'oifigigh na cuideachta nó ag aon pháirtí eile. Is féidir nach raibh na fíricí agus na mionsonraí uile a bhain leis na cúinsí ar ábhair imní don iniúcháir iad cuimsithe in aon tuarascáil dá leithéid. Dá bhrí sin is gá go gcuirfeadh an t-iniúcháir ar fáil a t(h)uairim neamhspleách féin maidir leis an gcás a bhfuil amhras faoi go ndearnadh cion indíotáilte;
- an bhfuil nó nach bhfuil na cúinsí as ar eascair an cion réitithe nó socraithe ar bhealach eile. Arís is ceist í seo a fhéadfaidh an t-údarás ionchúisimh a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoi an ndéanfar nó nach ndéanfar ionchúiseamh i leith an cháis ach is dóigh go dtiocfaidh cúinsí chun cinn ó am go chéile nuair nach leor ann féin mar fhreagairt ar an gcion atá curtha in iúl go ndéanfaí réiteach ar na cúinsí.

9.5 Chomh maith le machnamh a dhéanamh faoin ngá le heolas a chur chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi chás ina bhfuil amhras faoi chion, déanann an t-iniúcháir measúnú faoi an bhfuil táscaire sna cúinsí ar leith go bhfuil cion intuairiscithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil 1994 (maidir le sciúradh airgid) agus faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 déanta, agus más cuí, cuireann sé tuairisc chuig an nGarda Síochána agus chuig na Coimisinéirí Ioncaim faoi na cásanna sin.

⁷ Tá liosta reatha de chionta indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí ar fáil ar shuíomh gréasáin an OSFC (<http://www.odce.ie/>) mar áis d'iniúcháirí tuairiscithe. Tá sé de rún ag an Stiúrthóir an liosta a uasdhátú de réir mar a theastaíonn.

10.0 Tráthúlacht Foirmithe agus Fógra Tuairime

“...the auditors shall, forthwith after having formed it, notify that opinion to the Director...”

- 10.1 Tá sé ráite san fhoráil go bhfuil sé de cheangal iniúcháirí díreach tar éis tuairim a fhoirmiú go bhfuil forais réasúnta ann chun a chreidiúint go bhfuil cion indíotáilte déanta a dtuairim a fhógairt don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) mórán comhsheasmhach leis an bhforáil sin de réir an cheangail *“when the auditor concludes, after appropriate discussion and investigations, that a matter which has come to the auditor’s attention gives rise to a statutory duty to make a report, the auditor should bring the matter to the attention of the regulator without undue delay...”* (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) mír 50).
- 10.2 Cé go mbeidh cúinsí ann nuair is léir ar an bpointe go bhfuil cion indíotáilte déanta agus go bhfuil tuarascáil de dhíth beidh cúinsí eile ann nuair nach bhféadfadh tuairim a fhoirmiú ar an bpointe toisc gur gá d’iniúcháirí breis eolais a fháil ón gcuideachta, óna hoifigigh agus óna fostaithe agus measúnú a dhéanamh air.
- 10.3 D’ainneoin a ndeachaigh roimhe beidh ar iniúcháirí machnamh a dhéanamh go neamhfhaillleach ar chineál na gcúinsí a tháinig chun solais nuair a bheidh said ag déanamh cinneadh faoi an mbaineann práinn le foirmiú tuairime agus faoin ngá, tar éis an tuairim sin a bheith foirmithe acu, í a thuairisciú don Stiúrthóir ar an bpointe. D’fhéadfadh sé tarlú mar shampla go gcuimseodh na cúinsí sin cúinsí ina mbeadh éifeacht aon fhorfheidhmithe nó gníomh leighis eile a dhéanadh an Stiúrthóir maolaithe de bharr aon mhoill i bhfoirmiú agus i bhfógairt tuairim an iniúcháir. Go tipiciúil d’fhéadfadh a bheith cuimsithe ina leithéid d’áisc (cé nach bhfuil siad teoranta díobh seo):

- loiceadh maidir le cloí le ceangail alt 60 d’Acht na gCuideachtaí 1963 le linn do bheith ag tabhairt cúnamh airgeadais do chuideachta chun a cuid scaireanna féin a cheannach;
- falsú taifead agus/nó doiciméad;
- trádáil chalaoiseach;
- fáil scaireanna dá cuid féin in ainneoin cosc ar a bhfáil;
- bearta mídhleathacha a bhfuil baint ag stiúrthóirí leo;
- déileáil chos istigh/mí-úsáid mhargaidh;
- duine dícháilithe ag gníomhú de sháru ar ordú dícháilithe;
- stiúrthóir faoi ordú srianta ag gníomhú de sháru ar théarmaí ordú srianta;
- loiceadh leabhair chuntais chuí a choinneáil;
- eolas a chur ar fáil agus a fhios é a bheith bréagach i gcomhlíonadh airbheartaithe ar aon fhoráil d’Achtanna na gCuideachtaí;
- ráiteas a dhéanamh d’iniúcháir go feasach nó go meargánta atá míthreorach, bréagach nó mealltach i bponc ábhartha.

- sáru ceangal maidir le héisiúint scaireanna;

11.0 Sonraí na bhForas

“...and provide the Director with details of the grounds on which they have formed that opinion.”

- 11.1 Ba chóir d’iniúcháirí dóthain eolais a chur ar fáil ag tacú lena dtuairim chun go mbeidh an Stiúrthóir in ann measúnú ceart a dhéanamh ar na cúinsí a thugann le tuiscint go bhfuil cion indíotáilte déanta. Tá an treoir seo ag fáil taca ó ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) ina bhfuil an ceangal, *inter alia*, “*the auditor should bring the matter to the attention of the regulator... in a form and manner which will facilitate appropriate action by the regulator*” (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) mír 50).

- 11.2 Ba chóir go mbeadh cuimsithe san eolas a chuireann iniúcháirí ar fáil mar chuid dá dtuarascálacha don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- sonraí iniúchára;
- údarás reachtúil faoina ndéantar an tuarascáil;
- sonraí na cuideachta/an duine/na ndaoine ar ábhar na tuarascála iad;
- ar pléadh an t-ábhar leis na stiúrthóirí agus/nó leis an oifigeach/na hoifigigh ábhartha agus/nó le gníomhaire/gníomhairí na cuideachta;
- sonraí an cháis/na gcásanna ina bhfuil amhras faoi chion indíotáilte;
- sonraí na bhforas ar ar fhoirmigh an tuairim go bhfuil cion indíotáilte déanta. Ba chóir d’iniúcháirí a chinntiú go bhfuil dóthain mionsonraí sa chur síos seo le freastal ar ghníomh cuí an Stiúrthóra;
- an comhthéacs ina ndéantar an tuarascáil. Cuireann ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) treoir ar fáil d’iniúcháirí maidir le cineál an eolais a d’fhéadfaí cur isteach i dtaca leis sin, mar shampla
 - an oiread is a rinne an t-iniúcháir fiosrúchán faoi na cúinsí as ar eascair an cás atá tuairiscithe, agus

- an ndearnadh bearta chun an cás a réiteach (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) mír 63).

- aon eolas eile a mheas an t-iniúcháir a bheith ábhartha;
- síniú an iniúchára;
- dáta na tuarascála.

- 11.3 I bhfoilseachán an OSFC “A Guide to Transactions Involving Directors” tá leagtha amach eolas a measann an Stiúrthóir, más ea go mbeidh sé faighte ag an iniúcháir de bharr obair iniúchta, gurbh fhóinteach an rud é bheith curtha isteach mar chuid den tuarascáil a chuirtear chuig an Oifig sa chás gurb é ábhar na tuarascála amhras faoi chion indíotáilte faoi alt 40 d’Acht na gCuideachtaí 1990, a chuireann in iúl iasacht do stiúrthóir(i) de níos mó ná 10% de shócmhainní ábhartha na cuideachta. Cuimsíonn eolas dá leithéid, más féidir:

- an dáta/na dátaí ar tugadh an iasacht/na hiasachtaí ar airleacan;
- ainm gach duine ar tugadh an iasacht/na hiasachtaí dó/di;
- luach an iasachta/na n-iasachtaí;
- cibé acu ar ríomhadh sócmhainní ábhartha na cuideachta trí thagairt a dhéanamh do shócmhainní glana na cuideachta mar atá siad léirithe sna ráitis airgeadais is deireanaí a cuireadh faoi bhráid an CGB nó ar ríomhadh iad trí thagairt do scairchaipiteal glaoite na cuideachta; agus
- an oiread agus a chuaigh an iasacht/na hiasachtaí thar 10% de shócmhainní ábhartha na cuideachta⁸.

Nuair nach bhfuil eolas den saghas sin ar fáil go héasca ag an iniúcháir (.i. ó eolas i bpáipéir oibre an iniúchta), tarchuireann an t-iniúcháir an Stiúrthóir chuig an gcuideachta agus chuig a stiúrthóirí.

⁸ Alt 8.2, Contents of Auditors’ Reports, sliocht as “A Guide to Transactions Involving Directors”, arna fhoilsiú ag an OSFC i Samhain 2003.

- 11.4 Féadfaidh iniúcháirí an deis a thabhairt d'oifigeach/d'oifigigh nó do ghníomhaire/do ghníomhairí na cuideachta, mar is cuí, ráiteas a chur i dtoll a chéile lena chur isteach chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach in éindí le tuarascáil an iniúcháir. Ar na saincheistean is mian leis an oifigeach/na hoifigigh nó leis an ngníomhaire/na ghníomhairí aghaidh a thabhairt orthu má roghnaíonn siad ráiteas dá leithéid a ullmhú tá, mar shampla, a ndearcadh ar ábhar na tuarascála agus sonraí faoi ghníomh réitigh nó leighis atá déanta nó atá molta más ann dó.
- 11.5 Nuair is mian leis an oifigeach/na hoifigigh nó leis an ngníomhaire/na ghníomhairí ráiteas a chur chuig an Stiúrthóir áfach ba chóir d'iniúcháirí a chinntiú nach gcuirtear moill ar na tuarascálacha. Dá dheasca sin tá sé molta ina leithéid de chúinsí go gceadódh iniúcháirí tréimhse dhá lá d'oifigeach/d'oifigigh nó do ghníomhaire/do ghníomhairí níomhairí chun ráitis a chur isteach agus go gcuirfeadh iniúcháirí a gcuid tuarascálacha isteach ina dhiaidh sin. Cinnte féadfaidh an t-oifigeach/na hoifigigh nó an ngníomhaire/na ghníomhairí, más mian leo, ráiteas a chur chuig an Stiúrthóir ina dhiaidh sin.
- 11.6 Cé nach bhforáiltear go sainráite in alt 194(5) d'fhoirm tuairiscithe chaighdeánach, tá foirm réitithe ag an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar féidir le hiniúcháirí úsáid a bhaint aisti agus iad ag comhlíonadh a n-oibleagáidí tuairiscithe faoin Acht⁹.

12.0 Breis Eolais a Sholáthar don Stiúrthóir ag Iniúcháirí

- 12.1 Cuireann Alt 37(e) d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh Agus Cuntasaíocht) 2003 raon feidhme níos leithne le freagrachtaí iniúcháirí nuair a chuireann siad tuarascáil chuig an Stiúrthóir faoi Alt 194(5) d'Acht na gCuideachtaí 1990. Go sonrach foráiltear ann d'fho-alt nua (5A) a deir má tá iarrtha ag an Stiúrthóir orthu, go ndéanfaidh iniúcháirí amhlaidh:

- “(a) *furnish the Director with such further information in their possession or control relating to the matter as the Director may require, including further information relating to the details of the grounds on which they formed the opinion referred to in that subsection,*
- (b) *give the Director such access to books and documents in their possession or control relating to the matter as the Director may require, and*
- (c) *give the Director such access to facilities for the taking of copies of or extracts from those books and documents as the Director may require.”*

- 12.2 Is é an cuspóir atá leis an bhforáil bhreise seo a chur ar chumas an Stiúrthóra an caighdeán eolais agus fianaise ba chionsiocair le gur thuairiscigh an t-iniúcháir an cas ina raibh amhras faoi chion, a fháil ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil agus dá chionn sin a dhéanamh níos éasca don Stiúrthóir cinneadh feasach a dhéanamh maidir le cén gníomh forfheidhmithe (más ann dó) a bhfuil call leis de thoradh na gcúinsí atá curtha in iúl.

- 12.3 Tá cinneadh an Stiúrthóra an ndúnfaidh sé an cas gan tuilleadh a dhéanamh, an molfaidh sé réiteach riaracháin ar an gcás b'fhéidir trí litir nó an gcuirfidh sé tús le cas a ullmhú le haghaidh imeachtaí dlí, ag brath ar go mbeidh teacht aige ar an oiread eolais agus is féidir i dtaobh an teagmhais nó i dtaobh na dteagmhais as ar eascair tuarascáil an iniúcháir. Gach tuarascáil a chuirtear chuig an Oifig is ar an dóigh seo a

⁹ Tá cóip d'Fhoirm Tuairiscithe Cionta Indíotáilte ar fáil ó shuíomh gréasán OSFC ag www.odce.ie.

- dhéileáiltear léi; dá bhrí sin déanann sé leas na bpáirtithe uile go mbaileofaí an t-eolas isteach chomh héifeachtach agus is féidir.
- 12.4 A bhfuil i seilbh an iniúcháora nó faoina stiúir iarbhír, sin agus sin amháin a chuireann teorainn leis an eolas, leis na leabhair agus leis na doiciméid a chuirtear ar fáil. Tá an téarma *“leabhair agus doiciméid”* mínithe in Alt 3(1) d’Acht na bliana 1990 mar théarma a fholáíonn *“cuntais, gníomhais, scríbhinní agus taifid in aon slí eile”*. Dá dheasca sin foláíonn a bhfuil le bheith curtha ar fáil ó thaobh eolais agus leabhar agus doiciméad de, idir ábhair leictreonacha agus ábhar fisiciúil. Tugtar faoi deara nach bhfuil aon cheangal ar an iniúcháir doiciméadú bunaidh a thabhairt ar aird agus nach bhfuil aon cheangal, de bharr iarratais faoin alt seo, gabháil sa tóir ar bhreis eolais thairis sin atá i seilbh an iniúcháora nó faoina stiúir.
- 12.5 Déantar soiléir in alt 194(5B) d’Acht na bliana 1990 nach gcuimseoidh ceart an Stiúrthóra ar eolas, ar leabhair agus ar dhoiciméid a bhfuil tagairt déanta dó in alt 194(5A) ábhar atá cludaithe ag pribhléid ghairmiúil dlí. Is féidir le hiniúcháir ó cheart dá dheasca sin diúltú a leithéid d’ábhar a chur ar fáil. Cuireann **Aguisín 2** tráchttaireacht ar fáil faoi phribhléid ghairmiúil dlí.
- 12.6 Beidh ciall an fhrása “a bhaineann leis an gceist” ag brath ar chúinsí sonracha gach tuarascála agus ar mhéid an eolais atá i seilbh an iniúcháora. Bheadh sé dodhéanta liosta cinntitheach a dhéanamh den eolas uile a d’fhéadfadh baint a bheith aige leis an ábhar agus a d’fhéadfadh bheith i seilbh nó faoi stiúir an iniúcháora toisc go mbeadh sin difriúil ó chion go chéile agus ag brath ar mhéid agus ar chaighdeán an eolais atá i seilbh nó faoi stiúir an iniúcháora.
- 12.7 Cuimsítear sna téarmaí leabhair agus doiciméid taifid ar chruinnithe nó ar phlé inar breithníodh an cheist go díreach, doiciméadú faoin gcaoi ar thángthas ar an tuairim go raibh forais réasúnta ann lena chreidiúint go raibh cion indíotáilte déanta, páipéir oibre a thugann an cas chun suntais mar chuid d’obair allamuigh iniúcháireachta chomh maith le doiciméid eile a bhaineann le hábhar atá i seilbh nó faoi stiúir na n-iniúcháirí. Cuimsítear sa téarma doiciméid eile taifid chliant agus comhaid nó doiciméid eile a bhaineann le seirbhísí neamhiniúchta a cuireadh ar fáil don chuideachta agus a bhaineann leis an gcás atá tuairiscithe agus atá i seilbh nó faoi stiúir an iniúcháora.
- 12.8 Má fhaightear tuarascáil maidir le cion indíotáilte féadfaidh oifigeach nó oifigigh an Stiúrthóra a iarraidh de bhun alt 194(5A) d’Acht na bliana 1990 an t-eolas breise agus na doiciméid bhreise a fháil trí chumarsáid agus/ nó trí chruinniú agus/nó trí phlé. Nuair a thugann oifigeach nó oifigigh cuairt ar oifig iniúcháora féadfaidh sé go mbeidh ceangal ar an iniúcháir áiseanna a chur ar fáil le haghaidh cóipeáil leabhar agus doiciméad ábhartha atá i seilbh an iniúcháora.

13.0 Cosaint i gCoinne Dliteanais

13.1 Tugann Alt 194(6) d'Acht na bliana 1990, arna chur isteach ag alt 74(e) d'Acht na bliana 2001, cosaint d'iniúcháirí ó dhliteanas le linn dóibh a ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh faoi alt 194. Clúdaíonn an chosaint sin na cúinsí seo a leanas:

- go gcuireann iniúcháirí eolas chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí faoi aon loicadh leabhair chuntais chuí a choinneáil (alt 194(1)(b) d'Acht na bliana 1990);
- an ceangal ar iniúcháirí fáil ar dhoiciméadú a cheadú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus cibé eolas agus mínithe a bheidh ag teastáil ón Stiúrthóir chun na cúinsí ba chionsiocair le gur thug an t-iniúcháir fógra don Chláraitheoir thuas (alt 194(3A) d'Acht na bliana 1990) a sholáthar;
- an ceangal ar iniúcháirí a dtuairim a chur in iúl don Stiúrthóir maidir le hamhras faoi chion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí agus an Stiúrthóir a sholáthar le sonraí maidir leis na forais atá acu leis an tuairim sin (alt 194(5) d'Acht na bliana 1990);
- an ceangal nua ar iniúcháirí eolas a thabhairt don Stiúrthóir agus fáil ar leabhair agus ar dhoiciméadú a bhaineann leis an tuarascáil maidir le hamhras faoi chion indíotáilte a cheadú dó (alt nua 194(5A) d'Acht na bliana 1990).

13.2 De bhreis ar an gcosaint reachtúil atá ar fáil d'iniúcháirí faoin alt, cuireann caighdeáin ghairmiúla treo ar fáil d'iniúcháirí freisin maidir leis an ábhar seo. Deir ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(B) (Aguisín 1 mír 9):

“Confidentiality is an implied term of the auditor’s contracts with client entities. However, in the circumstances leading to a right or duty to report, the auditor is entitled to communicate with regulators in good faith information or opinions relating to the business or affairs of the entity or any associated body without contravening the duty of confidence owed to the entity.”

14.0 Tuairisciú maidir le hAmhras faoi Chion thar Raon Feidhme Alt 194(5) ar Mhaithe leis an Leas Poiblí

14.1 Cuireann ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) in iúl, *inter alia*, nuair a thagann iniúcháir ar an eolas faoi ásc neamhchomhlíonta, bíodh an neamhchomhlíonadh iarbhrí nó bíodh amhras faoi, i leith dlí nó rialúcháin nach dtionscnaíonn dualgas reachtúil tuairisc a chur chuig údarás cuí, go ndéanann an t-iniúcháir machnamh faoi ar chóir an t-ábhar a chur in iúl don údarás cuí ar mhaithe leis an leas poiblí agus nuair is amhlaidh an cás pléann sé/sí an t-ábhar leo siúd a bhfuil a rialú de dhualgas orthu. (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 38-4).

14.2 Deir ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) (mír 38-9) gur coincheap é Leas Poiblí nach féidir míniú ginearálta a thabhairt air. Ní mór gach scéal a bhreithniú mar chás faoi leith. Ar ábhair ar chóir a chur san áireamh agus machnamh á dhéanamh faoi an ar mhaithe an leasa phoiblí a bheadh an nochtadh féadtar a áireamh:

- an oiread is dóigh go rachadh amhras faoi neamhchomhlíonadh nó neamhchomhlíonadh iarbhrí i gcion ar bhaill an phobail;
- an bhfuil an cás réitithe acu siúd a bhfuil rialú de dhualgas orthu nó an bhfuil nó an dóiche go mbeidh siad ag dul i mbun gnímh cheartaithigh éifeachtúil;
- an oiread agus is dóiche go mbeidh an neamhchomhlíonadh bíodh sé iarbhrí nó bíodh amhras faoi in ann tarlú arís saor ó phionós de bharr a neamhnochtaidh;
- tromchúis an cháis;
- an bhfuil éiteas ginearálta laistigh den eintiteas i dtaca le neamhaird a dhéanamh ar an dlí agus ar na rialúcháin;
- méid na fianaise agus oiread an amhrais ag iniúcháirí gur ásc atá ann de neamhchomhlíonadh i leith dlí agus rialúchán.

- 14.3 Ní shíneann an raon cosanta a thugann alt 194(6) d'Acht na bliana 1990 d'iniúcháirí chomh fada le tuairisciú ar mhaithe leis an leas poiblí. Tugann ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) treoir d'iniúcháirí sna cúinsí sin. Cé go dtugann ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) an treoir seo a leanas, b'fhéidir gur gá d'iniúcháirí glacadh le comhairle dlí sula ndéanfaidh siad cinneadh faoinar chóir an cas a chur in iúl d'údarás poiblí ar mhaithe leis an leas poiblí.
- 14.4 Deir ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) *"determination of where the balance of public interest lies requires careful consideration. An auditor whose suspicions have been aroused uses professional judgment to determine whether the auditor's misgivings justify the auditor in carrying the matter further or are too insubstantial to deserve reporting."* (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 38-8).
- 14.5 Tá cosaint ag iniúcháirí ó bhaol dliteanais i dtaca le sárú iontaoibhe nó aithisiú ar an gcoinníoll:
- i gcás sárú iontaoibhe:
 - gur ar mhaithe leis an leas poiblí a rinneadh an nochtadh, agus
 - go bhfuil nochtadh dá leithéid déanta do chomhlacht nó do dhuine cuí, agus
 - nach raibh aon mhailís taobh thiar den nochtadh (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 38-8).
 - i gcás clúmhillte:
 - gur ina gcáil mar iniúcháirí ar an eintiteas lena mbaineann a rinneadh an nochtadh, agus,
 - nach raibh aon mhailís taobh thiar den nochtadh (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 38-8).
- 14.6 Tá sé tábhachtach ionas go mbeidh iniúcháirí in ann cosaint phribhléide cháilithe a choinneáil go gcuireann siad tuarascálacha chuig na húdaráis chuí. I bhfonóta le mír 38-8 de ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) ainmnítear an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach i measc na n-údarás ar cuí tuarascáil a thabhairt dóibh ar mhaithe an leasa phoiblí. Faigheann iniúcháirí an chosaint chéanna fiú mura bhfuil acu ach amhras réasúnta gur tharla neamhchomhlíonadh i leith dlí agus rialúchán. Cuireann ISA (UK and Ireland) 250(A) mír 38-10 in iúl nach mbreithneodh an chúirt a ndualgais don chliaint a bheith sáraithe ag iniúcháirí atá in ann a thaispeáint gur ghníomhaigh siad go réasúnta agus de mheon macánta nuair a chuir siad in iúl d'údarás gur shíl siad sárú dlí nó rialúchán a bheith déanta fiú dá bhfaighfí amach tar éis fiosrúcháin nó ionchúisimh nach raibh aon chion déanta.
- 14.7 Ina dhiaidh sin deir an ISA:
- ní mór don iniúcháir cuimhneamh air gur féidir cinneadh an iniúchára faoi an ndéanfar tuarascáil nó nach ndéanfar agus má dhéanfar cé dó a dhéanfar a cheistiú am éigin amach anseo, mar shampla ar bhonn:
 - a raibh d'eolas ag an iniúcháir ag an am;
 - an eolais ar chóir gurbh eol don iniúcháir i gcúrsa an iniúchta;
 - na conclúide ar chóir go mbeadh tarraingthe as ag an iniúcháir, agus
 - an ruda ar chóir bheith déanta ag an iniúcháir (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 38-11);
 - B'fhéidir gur mian leis an iniúcháir cuimhneamh ar na hiarmhairtí is féidir bheith ann má chuireann neamhchomhlíonadh i leith dlí agus rialúchán, a bhfuil amhras aige/aici faoi (nó ar chóir go mbeadh amhras aige/aici faoi) go bhfuil sé tarlaithe, faoi deara caillteanas airgeadais (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 38-11).

- 14.8 Nuair is í an chonclúid a tharraingíonn an t-iniúcháir as, tar éis machnamh a dhéanamh ar cibé tuairimí a cuireadh in iúl ar son an eintitis agus i bhfianaise cibé comhairle dlí atá faighte, gur chóir tuairisc a chur chuig an údarás cuí ar mhaithe faoin gcás an leasa phoiblí, cuireann an t-iniúcháir a t(h)uairim in iúl i scríbhinn dóibh siúd a bhfuil an rialú de dhualgas orthu, agus mura dtuairiscíonn an t-eintiteas an bás dá dheoin féin nó mura bhfuil sé in ann fianaise a sholáthar go bhfuil sé tuairiscithe, tuairiscíonn an t-iniúcháir é (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 38-5). Cuireann an t-iniúcháir tuairisc faoin gcás chuig an údarás cuí ar mhaithe an leasa phoiblí agus gan é a phlé leis an eintiteas má bhaineann an t-iniúcháir an tátal as an ásc neamhchomhlíonta, bíodh sé iarbhrí nó bíodh amhras faoi, nach bhfuil muinín ag an iniúcháir níos mó as macántacht an dreama a bhfuil an rialú de dhualgas orthu (ISA (Ríocht Aontaithe agus Éire) 250(A) mír 38-6) ¹⁰.

15.0 Freagairt Stiúrthóra do Thuarascálacha Iniúcháirí

- 15.1 Déanfaidh Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach iniúchadh ar gach tuarascáil iniúcháir a fhaightear agus eiseofar admháil. Nuair a mheastar é bheith riachtanach rachfar sa tóir ar bhreis eolais ó stiúrthóirí, ón iniúcháir nó ó dhaoine nach iad de réir mar a theastaíonn mar shampla faoi fhorálacha Alt 194(5A) agus (5B). Ag glacadh leis gur sárú *prima facie* d'Achtanna na gCuideachtaí a bheidh nochtaithe déanfaidh an Stiúrthóir agus a chuid oifigeach machnamh ar chúrsaí éagsúla sula gcinnteofar an chéad chéim eile. Áirítear orthu sin:
- an mbaineann an cion ó cheart le hOifig an Stiúrthóra. D'fhéadfadh sé tarlú mar shampla gurbh fhearr a d'fheilfeadh sé d'údarás eile déileáil leis an gcion,
 - cad í an fhianaise bhreise ó thaobh doiciméadaithe nó ráitis béil ón gcuideachta, óna hoifigí, óna gníomhairí nó ó thríú páirtithe a bheadh ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar an sárú atá curtha in iúl agus cén chaoi a bhfaighfí fianaise dá leithéid,
 - tromchúis an chion a bhfuil amhras faoi,
 - an ea gur réitíodh an cion agus más ea an oiread agus atá an réiteach ann féin ina thoradh dóthanach,
 - práinn an cháis, agus
 - an oiread agus atá roghanna inmharthana ar fáil don Stiúrthóir chun an bás ina bhfuil amhras faoi chion a réiteach nó chun pionós a ghearradh ina thaobh.
- 15.2 Nuair a mheasann an Oifig é bheith cuí dul i mbun gnímh beidh an Stiúrthóir ag iarraidh freagairt ar mhodh a shíltear bheith éifeachtúil agus i gcomhréir leis an gcion atá curtha in iúl.

¹⁰ Sa chás gur mhian le hiniúcháir tuairisc a chur chuig an OSFC ar mhaithe leis an leas poiblí is féidir úsáid a bhaint as Foirm Ghearáin atá ar fáil ó shuíomh gréasáin an OSFC ag www.odce.ie chun na críche sin.

Aguisín 1

Alt 194 d'Acht na gCuideachtaí 1990

(arna leasú ag alt 74 d'Acht na bliana 2001) Alt 37 d'Acht na bliana 2003 agus Alt 73 d'Acht na bliana 2005¹¹

(Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil línte faoin téacs arna leasú ag Achtanna na mblianta 2003 agus 2006)

Dualgas iniúcháirí mura bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád

- 194.** (1) If, at any time, the auditors of a company form the opinion that the company is contravening, or has contravened, *section 202* by failing to cause to be kept proper books of account (within the meaning of that section) in relation to the matters specified in *subsections (1) and (2)* of that section, the auditors shall—
- (a) as soon as may be, by recorded delivery, serve a notice in writing on the company stating their opinion, and
 - (b) not later than 7 days after the service of such notice on the company, notify the registrar of companies in the prescribed form of the notice and the registrar shall forthwith forward a copy of the notice to the Director.
- (2) Where the auditors form the opinion that the company has contravened *section 202* but that, following such contravention, the directors of the company have taken the necessary steps to ensure that proper books of account are kept as required by that section, *subsection (1)(b)* shall not apply.
- (3) This section shall not require the auditors to make the notifications referred to in *subsection (1)* if they are of opinion that the contraventions concerned are minor or otherwise immaterial in nature.
- (3A) Where the auditors of a company file a notice pursuant to *subsection (1)(b)*, they shall, if requested by the Director—
- (a) furnish to the Director such information, including an explanation of the reasons for their opinion that the company has contravened *section 202*, and
 - (b) give to the Director such access to books and documents, including facilities for inspecting and taking copies, being information, books or documents in their possession or control and relating to the matter the subject of the notice, as the Director may require.
- (3B) Any written information given in response to a request of the Director under *subsection (3A)* shall in all legal proceedings be admissible without further proof, until the contrary is shown, as evidence of the facts stated therein.

¹¹ Cé go bhfuil Acht na gCuideachtaí 1990 aistriú go hoifigiúil go Gaeilge, ní dhearnadh aistriúchán oifigiúil go Gaeilge ar aon cheann de na leasuithe atá luaite anseo. Mar sin ar mhaithe na soiléireachta fágfar idir Phríomhacht agus leasuithe in aon teanga amháin .i. an Béarla, seachas i meascán den dá teanga.

- (4) A person who contravenes *subsection (1), (3A), (5) or (5A)* shall be guilty of an offence.
- (5) (5) Where, in the course of, and by virtue of, their carrying out an audit of the accounts of the company, information comes into the possession of the auditors of a company that leads them to form the opinion that there are reasonable grounds for believing that the company or an officer or an agent of it has committed an indictable offence under the Companies Acts (other than an indictable offence under section 125(2) or 127(12) of the Principal Act), the auditors shall, forthwith after having formed it, notify that opinion to the Director and provide the Director with details of the grounds on which they have formed that opinion.
- (5A) Where the auditors of a company notify the Director of any matter pursuant to subsection (5), they shall, in addition to performing their obligations under that subsection, if requested by the Director—
 - (a) furnish the Director with such further information in their possession or control relating to the matter as the Director may require, including further information relating to the details of the grounds on which they formed the opinion referred to in that subsection,
 - (b) give the Director such access to books and documents in their possession or control relating to the matter as the Director may require, and
 - (c) give the Director such access to facilities for the taking of copies of or extracts from those books and documents as the Director may require.
- (5B) Nothing in this section compels the disclosure by any person of any information that the person would be entitled to refuse to produce on the grounds of legal professional privilege or authorises the inspection or copying of any document containing such information that is in the person's possession.
- (6) No professional or legal duty to which an auditor is subject by virtue of his appointment as an auditor of a company shall be regarded as contravened by, and no liability to the company, its shareholders, creditors or other interested parties shall attach to, an auditor, by reason of his compliance with an obligation imposed on him by or under this section.

Aguisín 2

Pribhléid Ghairmiúil Dlí

Deir Alt 194(5B) d'Acht na bliana 1990:

'Nothing in this section compels the disclosure by any person of any information that the person would be entitled to refuse to produce on the grounds of legal professional privilege or authorises the inspection or copying of any document containing such information that is in the person's possession.'

Is gá machnamh a dhéanamh go cúramach ar an saincheist an dtarraingíonn eolas nó doiciméid pribhléid ghairmiúil dlí. Is ceist dlí é sin ar féidir go mbeidh sé le cinneadh ag na Cúirteanna i gcúinsí cuí. **Dá dheasca sin moltar d'iniúcháirí a bheidh ag iarraidh nochtadh a theorannú ar bhonn pribhléid ghairmiúil dlí cuimhneamh ar chomhairle dlí a fháil roimh ré.**

Tá míniú gearr ar phribhléid dlí agus ar na cúinsí inar féidir é bheith infheidhme leagtha amach thíos. Ba dhóchúil cúinsí dá leithéid a bheith annamh. Mar shampla ní dóchúil an obair iniúcháireachta atá déanta agus doiciméadaithe ag an iniúcháir ar chúis é gur tugadh chun aitheantais ábhar intuairiscithe a bheith faoi pribhléid. An fáth leis sin nach mbeifí ag súil le dlíthíocht agus obair iniúchta dá leithéid á dhéanamh; gabhann aithint ábhair intuairiscithe leis an iniúchadh. Ní bheidh feidhm aige ach oiread maidir le doiciméadú neamhiniúchta ullmhaithe ag an ngnólacht iniúchta chun tosaigh ar fhoirmiú na tuairime gur chóir tuarascáil a chur chuig an Stiúrthóir, agus a bhaineann le hábhar na tuarascála sin.

Tá dhá fhoirm faoi leith ag pribhléid ghairmiúil dlí – pribhléid chomhairle dlí agus pribhléid dlíthíochta.

Pribhléid chomhairle dlí

Cuireann pribhléid chomhairle dlí cosc ar nochtadh cumarsáide idir dlíodóir agus cliant nuair is le haghaidh comhairle dlí a fháil a dhéantar cumarsáid dá leithéid. Ní gá go mbeifí ag feitheamh ar dhlíthíocht nó ag machnamh faoi le go mbeadh feidhm aige sin. Ar a shon sin, le go mbeidh feidhme ag pribhléid chomhairle dlí caithfidh an chomhairle teacht ó dhlíodóir a bhfuil cáilíocht ghairmiúil aige/aici (aturnae nó abhchóide). Comhairle a thagann ó iniúcháir nó ó chomhairleoir cánach níl sí faoi réir pribhléide.

Ní foláir nó go mbeidh comhairle dlí seachas cúnamh dlí (m.sh. seirbhísí rúnaíochta cuideachta) ina ábhar ag an doiciméad.

Mar a tugadh faoi deara thuas is dócha gur annamh ann do na cúinsí ina mbeidh feidhm i leith iniúcháirí ag an bhfoirm seo de phribhléid ghairmiúil dlí.

Pribhléid Dlíthíochta

Cuireann pribhléid dlíthíochta cosc ar nochtadh cumarsáide idir an cliant agus a d(h)líodóir nó idir an cliant nó a d(h)líodóir agus tríú páirtí, mar atá, sa chás áirithe seo, an t-iniúcháir.

Le go mbeidh feidhm ag pribhléid dlíthíochta tá critéir áirithe leagtha amach ag na Cúirteanna:

- caithfidh dlíthíocht bheith ar feitheamh, faoi mhachnamh nó réasúnta a mheas¹²;
- caithfidh gurb í dlíthíocht ar feitheamh/faoi mhachnamh nó réasúnta a mheas an príomhchuspóir a bhí ceaptha don doiciméad nuair a cruthaíodh é – b'fhéidir go raibh níos mó ná cuspóir amháin ag baint le hullmhúchán an doiciméid;
- ní bheidh aon phribhléid ag gabháil le doiciméid a bhí ann sula raibh dlíthíocht faoi mhachnamh.

Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara gur “leis” an gcliant a d'iarr an chomhairle dlí nó is páirtí sa dlíthíocht ábhartha pribhléid ghairmiúil dlí. Is faoin gcliant sin an cinneadh a dhéanamh an phribhléid a fhógairt nó de rogha air sin í a tharscaoileadh.

Nuair a théann an t-iniúcháir nó a g(h)nólacht sa tóir ar chomhairle dlí (lena n-áirítear comhairle ó dhlíodóirí taobh istigh den ghnólacht iniúchta le cáilíochtaí gairmiúla) is léir go dtarraingíonn comhairle dá leithéid pribhléid ghairmiúil dlí agus is faoin iniúcháir an cinneadh a dhéanamh an bhfógróidh nó nach bhfógróidh sé/sí an phribhléid. Feidhmíonn rudaí ar an mbealach céanna nuair atá an t-iniúcháir nó gnólacht dá c(h)uid ina p(h)áirtí i ndlíthíocht ar feitheamh nó faoi mhachnamh agus nuair atá doiciméid cruthaithe arb í an dlíthíocht sin a bpríomhchuspóir.

Nuair atá iniúcháir nó gnólacht dá c(h)uid i seilbh eolais nó doiciméad a bhfuil pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil ag cliant an iniúcháora ina leith tá an cas rud beag níos casta. Baineann pribhléid ghairmiúil dlí le cosaint a thabhairt do chumarsáid atá faoi rún agus dá dheasca sin má roghnaíonn cliant an chumarsáid a fhógairt ar mhodh substaintiúil b'fhéidir go mbeidh an phribhléid caillte nó go measfar é a bheith tarscaoilte. Síltear áfach nach n-eascróidh de ghnáth caillteanas ná tarscaoileadh pribhléid na cuideachta as nochtadh faoi rún d'ábhar a bhfuil pribhléid ghairmiúil dlí aici ina leith dá hiniúcháirí reachtúla - go deimhin i gcásanna ina bhfuil leas comónta sa chumarsáid ag an iniúcháir, mar iniúcháir, agus ag an gcuideachta.

12 Rinneadh breithniú breithiúnach ar na téarmaí seo agus ba chóir iad a léamh i bhfianaise an chásdlí ábhartha.

